AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 10. Uiṁ. 9. Aoine. 26ú Feabhra. 1965.

Eagarḟocal

26-2-1965

Is sean nós é ag gaċ glúin nuair atá siad ag éirí aosta, a ḃeiṫ ag cáineaḋ an ġlúin atá a' teaċt na ndiaiḋ agus muna mbeiḋ siad a cáineaḋ a ḃeiṫ ag smaoineaṁ ina n-intinn féin naċ ḃfuil an glúin óg ar ḋóiġ ar biṫ ċoṁ maiṫ leo féin. Agus tá sin fíor de ṫairḃe stair na hÉireann de aċ go h-áiṫrid. San ċoiṁlint ḟada fá ċoinne ár saoirse agus ár spiorad a ċoinneáil, ċonaic muid glúin indiaiḋ glúin de ṡean daoine ag titim ar ṡiúl ón samailt náisiúnta ⁊ an samailt á ṫógáil suas in áirde arís ag an ġlúin óg.

Tá muid measarṫa tuirseaċ ag luċt cáinte aosa óig an lae inniu. Le ḃeiṫ ag éisteaċt agus ag taḃairt áird ar ḟir poiblí agus ar ḋaoine eile ag caint, ċeapfá naċ ḃfuil spiorad ná náisiúntaċt nó féin-íobairt nó bárr-ṡaṁaltas ar biṫ insan ġlúin óg, naċ ḃfuil ag teastáil uaṫa aċ nop-ċeol agus laoċra bréagaċa na hallaí daṁsa. Aċ tríd is tríd, tá sean spiorad na hÉireann agus na nGael ċoṁ láidir inniu agus a ḃí sé ariaṁ, agus b'ḟéidir naċ ḃfuil glúin ar biṫ a ḃfuil sé ċoṁ láidir iontu leis an dream óg, fiú aṁáin má ḃíonn siad a dul don ṗop-ċeol agus ag taḃairt omós do bréag laoċraí na hallaí. Agus dála an scéil, ní mór an méid daofa a bíos aṁlaiḋ — beagán beag a dtugtar ró ṁórain poiblíoċta díoḃa ar teilifís agus páipéirí ⁊ radio. Aċ, tá croí aos óg na hÉireann ċoṁ slán follain agus a ḃí sé ariaṁ. Agus dá dtigeaḋ an scairt ar ġlúin óg an lae inniu, ṡeasóḋ siad an fód ċoṁ fearúil le glúin ar biṫ a ṫáinig rompa.

Sompla maiṫ de sin b'ḟéidir, an géarċéim ar an tír seo nuair a cuireaḋ cáin 15 p.c. ar earraí na hÉireann ag dul isteaċ go margaḋ na Sasana. Ḃí an uair ann agus ba ḃuille marfaċ é sin ar tionscail na hÉireann. Ḃí sé dona agus baolaċ go leor faoi mar do ḃí. Aċ in ionad cánaċa coṫroma nó cúitiṁ a leagan ar earraí Ṡasana a' teaċt isteaċ na tíre seo, ċuaiġ ár gcuid treoraiṫe i muinín spiorad an tírġrá a aṫ-ṁúscailt agus bunaíoḋ feaċtas "Ceannaiġ earraí Éireann." Tá eolas maiṫ againne air gurb iad an dream óg an dream a ba láidre a ṡeasaiġ leis an ġairm sin agus a ċuaiġ amaċ go hiomlán fá ċoinne earraí Éireannaċa a ċeannaċ. Ḃí an t-aṫrú ċoṁ tobann agus an gluaiseaċt ċoṁ tréan gur fios dúinn go léir go raiḃ luċt díolta earraí ag cur lipéidí bréige Déanta in Éirinn ós coinn earraí Gallda. Agus de ḃárr na gluaiseaċta seo ṫáinig an tír seo ó ṫaoḃ geilleagar de, slán sáḃáilte fríd an tréimse atá caite den ċáin seo, a ḋ'ḟéadfaḋ doċar an ṁór do ḋéanaṁ do ġeilleagar na tíre roiṁe seo.

Ba ċóir go mbeaḋ freagairt an ċáineaḋ a deintear ar an ġlúin óg le fáil insan méid seo, agus ba ċóir go dtaḃarfaḋ sé le tuigḃeáil do ċáirde agus náiṁde go ḃfuil croí aos óg na hÉireann san áit is dual dó a ḃeiṫ.

Dála an scéil, is fíor an méid sin faoi Ġaeilge ċoṁ maiṫ le faoi tír-ġrá. Dá mbeaḋ pobal-ḃreiṫ imeasc dream óg na tíre mar an aicme ó 16 - 21 níl aṁ-

nas ar biṫ ná go mbeaḋ trí-ceaṫrú daofa mar mbeaḋ níos mó. i leiṫ aṫḃeoċaint na Gaeilge, agus i leiṫ gaċ beartas is gá fá ċoinne na Gaeilge. Níl aċ an corr scíontáċán anseo agus ansiúd atá ag tógáil trioblóide ⁊ callán, toisc go ḃfuil sé féin ró ḟallsa leis an Ġaeilge a ḟoġlaim, cé go dtig leis Fraincís nó ábhar galánta ar biṫ a ḟoġlaim, aċ ní ġlacfaḋ sé an trioblóid lena ṫeanga féin a ḟoġlaim.

Is miṫead neaṁ-ṡuim agus beag-áird a ṫaḃairt ar luċt scríofa na litreaċa ins na páipéirí tráṫnóna Béarla, ag cur síos ar amaidí cainte i gcoinniḃ na Gaeilge. Níl dream nó aicme ar biṫ ar a gcúl siúd— níl ann aċ 'imeall na mire' de luċt leanúna Ṡasana tráṫ.

Meádú ar Ċeantar Comairfeilméaráċt

Ó d'ḟoillsíomar an cuntas ar an tsocrú do coṁair obair na ḃfeirmeaċa i gceanntar Árd a' Ráṫa, Gleann Colmcille, tá seaċtain ó ṡoin tá dul ar aġaiḋ mór a ḋéanaṁ.

San am i láṫair ní h-é 90 aċ 120 feirmeaċa atá ag dul isteaċ faoi an scéim seo.

Síneann an scéim anois ó Ġleann Geis go dtí sráid ḃaile Ṁálainn Ḃig agus tá 60,000 acraí ins an 120 feirmeaċa i gceist.

Cuirfear na feirmeaċa seo le ċéile agus oibreófar mar aonad aṁáin iad ar fea tréiṁse cúig bliana déag. Coinneóiḋ na feirmeoirí féin seilḃ an talaiṁ ar feaḋ an ama sin aċ ḋéanfar gaċ oibriú ar na feirmeaċa le ċéile agus ḋéanfar pleanáil dá réir sa dóiġ gur féidir an obair a ḋéanaṁ ins an tslí is éifeaċtaí agus ar an dóiġ is saoire, agus is ecanamaicí.

Tátar ar lorg iasaċt mór substainteaċ ó'n Agricultural Credit Corporation ċun leasú an leaṫan a ḋéanaṁ ar an talaṁ coiteann sléiḃe, agus ar an talaṁ curaíoċta ar an íseal tír, agus fá ċoinne an méid ceart stoc de ċaoraċ agus de eallaċ a ċur ar an talaṁ. Tá barrantas ann go rannfar an ṗraifid ag deire na bliana idir na feirmeaċa ar ṁoḋ ceart, cóir agus coṁ maiṫ le seo beiḋ cuid ṁór, ṁór oibre le fáil ag oibriú na ḃfeirmeaċa le ċéile. Socrófar é seo san dóiġ go mbeaḋ an méid is mó daoine faoi lán obair ar fea an ama seo.

Taoḃ amuiġ den ṗraifid a ḋéanfar mar seo, ḋéanfar soláṫar ar an méid atá ag teastáil de ḃainne, préataí agus móin do na feirmeoirí atá ag glacaḋ páirt.

Cuireaḋ an plean faoi ḃráid Roinn Talṁaíoċta agus an I.A.O.S. agus an Institute Talṁaíoċta agus tá siad taréis glacaḋ leis agus geallúint go ḃfuil sé bunúsaċ agus ciallṁar ó ṫaoḃ eacnamaíoċta agus ó ṫaoḃ teicneolaíoċta. Seo céim ṁór ar aġaiḋ in úsáid na bpaistí beaga talaiṁ ins an Ġaeltaċt.

Seo an saġas rud ar ceart do údaras Gaeltaċta a ḋéanaṁ agus is mór an molaḋ atá ag dul don Aṫair Mac Duiḃir agus do ṁuinntir Ġleann Colmcille as an dul ċun cinn atá ionta.

Cosc ar Oideaċas le Gantanas Airgid

Caiṫfear tuille airgid a ṡoláṫar. Níl an Roinn ag taḃairt tacaíoċta. Ḃí an clár oibre ag leaṫnú agus má ḃí siad leis an ḟorbairt a ba ġá a ḋéanaṁ ċaiṫfeaḋ an Roinn tuille airgid a ṡoláṫar daofa.

Sin é adúirt Príoṁ Oifigeaċ Gairm Oideaċais, M. S. Ó Craḃain, le Coiste Gairm Oideaċais Ḋún na nGall, ag cruinniú an tseaċtain seo caite.

Dúirt an tUasal Ó Craḃain gurb é £44,000 a fuair siad mar ḋeontas speisialta agus níor leor é seo ċor ar biṫ le freastal ar ṗobal 124,000 a ḃí acu i nDún na nGall.

D'iarr siad an méid ba ṁó a b'ḟéidir ó'n Ċoṁairle Condae aċ sin is eile ḃí bearna mór idir an méid a ġeoḃaḋ siad ó'n Ċoṁairle Condae agus ó'n Roinn, agus an méid a ḃí ag teastáil leis an scéim Gairm Oideaċas a oibriú i nDún na nGall.

Má ḃí an scéim le h-iompar amaċ mar ba ċóir ḃeaḋ deontaisí i ḃfad níos mó ag teastáil ó'n Roinn. Dúirt an tUasal Ó Craḃain gur iarr siad an uasteora ráta a ḃí ceadaiṫe. Dúirt S. Mac Giolla Aonaiġ gur ċeart fógra faoi an deontas a ṫaḃairt in am. Ḃí sé bliain mall anois agus ba ċeart fógra na bliana seo ċugainn a ḃeiṫ ar fáil.

I nDún na nGall ḃí 1,700 scolairí lae acu agus níor ṁeas sé go raḃ an méid sin ag na Condaeṫa Sligeaċ, Liatrom agus Longport le ċéile. Dúirt an Caṫaoirleaċ, An Canónaċ Ó Fioḃabra, naċ raḃ an Roinn ró olc leoṫa nuair a fuair siad £4,000 níos mó ná na trí condaeṫe eile. Dúirt an tUasal Mac Giolla Aonaiġ naċ raḃ duine ar biṫ ag cáineaḋ na Roinne, aċ go raḃ an scéim oideaċais le forbairt acu, agus ceanntar mór naċ raḃ aiseanna oideaċais ar biṫ ann. Le blianta fada ḃí siad ag éileaṁ an uasteora rátaí ón Ċoṁairle Condae.

Ḃí uasteora de 1s. 6d. ann agus ní ḟéadfaḋ siad níos mó a éileaṁ gur h-aṫraíoḋ na rialaċa tá cúpla bliain ó ṡoin. Ó ṡoin i leiṫ ḃí siad ag ardú 3d san £ de réir mar ḃí ceadaiṫe agus ní raiḃ aon foinse ioncaim eile acu le costais scéimeanna a ṡeasaṁ. Ċaiṫfeaḋ an Roinn na bearna a ṫreasnú.

Dúirt an príoṁ oifigeaċ gur glacaḋ leis na meastaċáin don bliain airgeadais atá ag teaċt agus gur cuireaḋ ar aṫaiḋ ċuig an Roinn iad, agus go raḃ bearna mór le dul treasna air. Ag taḃairt freagra ar Ṡeán Ó hEarcain, Co.C., dúirt an tUasal Ó Craḃain go raiḃ uas-tarraingt £20,000 rompa ag deire na bliana. Ḃí an t-uas-tarraingt ag méadú ó ḃliain go bliain.

Nuair a ḋ'fógair an Príoṁ Oifigeaċ go mbéifí ag lorg tairiscintí don scoil nua ag Ḃun Crannaiġ ag an ċéad ċruinniú eile, dúirt Liam Ó Cuinneagáin, T.D., go raḃṫar mí-ṡásta leis an as gur ċáin sé an Roinn ag an ċruinniú deireannaċ fan scoil seo. "Ní ḋearn rud beag cáineaḋ doċar ar biṫ," ar seisean, "nuair a ḃí cúis leis."

Drámaí i Leitir Ceanainn

25 drámaí ag féile nua

Beiḋ cruṫú maiṫ i Leitir Ceanainn ag deire na seaċtaine seo naċ ḃfuil a ḋiṫ aċ misneaċ le tús a ċur le rud agus go n-éireóiḋ leis.

San ċéad Ḟéile Drámaíoċta ariaṁ i Leitir Ceanainn beiḋ 25 fuirinn drámaíoċta ag glacaḋ páirt. Tosnóiḋ na comórtaisí ar an 2 a' ċlog inniu, Aoine, 26ú lá Feabhra. taréis an oscailt oifigiúil.

Is mór an molaḋ agus an coṁġairdeaċas atá ag dul do Antoin Mac Gaḃainn, Ailtire, Leitir Ceanainn, as an Ḟéile seo a cagrú. Tá drámaí istiġ ón Ġaeltaċt agus ó'n Ġalltaċt, ó ḃun scoltaċa, gairm scoltaċa agus meán scoltaċa coṁ maiṫ le ó ḋaoine fásta.

Tá sé foirinn drámaíoċta de ḋaoine fásta ag glacaḋ páirt. Ceann ó Ḋoire (Craoḃ Ċonnraḋ na Gaeilge ansin) a ċuirfeas dráma trí radharc "An Strainséar Duḃ" ar an ardán. Tá foireann drámaíoċta ag teaċt ó Ḃaile na nGallóglaċ, ceann ó Ġleannḃarr, agus, ar ndóiġ, ceann ó Ġaoṫ Doḃair, Ḃun an Inḃear, Doire Ḃeaga, coṁ maiṫ le Leitir Ceanainn féin.

Eoin Ó Súilleaḃáin, Ḃaile Áṫa Cliaṫ, aisteoir in Aṁarclann na Mainistreaċ, a ḃéas mar ṁoltóir.

Ag cruinniú den ċoiste stiúrṫa an tseaċtain seo ċaite, dúirt Seán Mac Loinsiġ, O.S., Conḃaiḋ, a ḃí i gceannas, go raḃ gaċ cosúlaċt ann go n-éireóiḋ go geal leis an ḟéile seo. Ḃí cuma air, adúirt sé, go ḃféadfaí príoṁ ṁarc de ḃliain na Gaeilge a ḋéanaṁ de seo feasta. Le fógra coṁ goirid agus a ḃí ḃ'iontaċ ar fad go raċ 25 foirinn drámaíoċta istiġ ar an ḟéile. Ábhar coṁġairdeaċais é don ċoiste eagarṫa agus go speisialta do Antoin Mac Gaḃainn féin.

Eastáit Tionsclaċ sa Gaeltaċt

Coiste ag scrúdú na ceiste fá láṫair
An mbunófar eastáit tionsclaċ insan Ġaeltaċt?

Is cosúil go ḃfuil an ċeist ḋá scrúdú i láṫair na huaire. Ar ċaoi ar biṫ tá ceist stáid tionsclaċ ar fud na tíre á scrúdú.

Ṫáinig sé sin amaċ sa Dáil an tseaċtain seo caite, nuair a ċuir an tUasal Mac Cuilinn ceist ar an Aire Tionscail agus Tráċtála ós rud go raiḃ teipiṫe ar Aċt Um Forbairt na gCeantar Neaṁḟorbarṫa, saoṫrú seasta a ṡoláṫar ins na ceantair sin, agus gur ṫeip ar tionscail príoṁáideaċ ċoṁ maiṫ, an ḃféadfaḋ sé le hionaid speisialta a ṗiocaḋ ina ndéanfaí tionsclú ar scála mór, rud a ṫarraingeóḋ tuille tionscail agus a ċuireaḋ cosc leis an imirce.

Dúirt Seán Ó Loinsiġ. T.D., Aire Tionscail agus Tráċtála, nár ġlac sé gur ṫeip ar Aċt na gCeantar Neaṁḟorbarṫa, agus gur ṡoláṫar siad cuid ṁaiṫ saoṫrú. Aċ de réir mar ḃí fógraiṫe sa Dara Clár Leaṫnú Eacnamiceaċ, ḃí sé molta go dtaḃarfaí deontais tionscail sa gcaoi agus go spreagfaḋ sé fás ionaid forbarṫa. Ḃí an molaḋ seo á scrúdú níos míne de ṫairḃe bunú eastáit tionsclaċ, ag coiste ón ċuid ṗoiblí agus ón ċuid príoṁáideaċ den tionscail.

Ḃí tuarascáil ón ċoiste seo aige, agus ḃí sé á scrúdú san Roinn san am i láṫair i dteannta le Ranna eile a raiḃ baint acu leis. Measfaḋ an Rialtas é ansin, agus ḋéanfaḋ siad cibé ba ġá.